



**Iascach Intíre Éireann  
Inland Fisheries Ireland**

An nós imeachta chun iarratas a dhéanamh ar Cheadúnas chun Oisrí a Dhreideáil agus Ceadúnais a eisiúint

---

**21/10/2024**

Leagtar amach sa Doiciméad seo nós imeachta Iascach Intíre Éireann le hIarratais ar Oisrí a Dhreideáil - ar láithreáin Natura 2000 a bhreithniú.

Nós Imeachta IFI le Ceadúnais a Eisiúint chun Oisrí a Dhreideáil

<b>Ainm an Doiciméid</b>	An nós imeachta chun iarratas a dhéanamh ar Cheadúnas chun Oisrí a Dhreideáil agus Ceadúnais a eisiúint				
<b>Údar/Údair:</b>	An Dr. Greg Forde				
<b>Oifigeach Údaraithe</b>	An Mr Francis O'Donnell, Príomhoifigeach Feidhmiúcháin				
<b>Tuairisc ar an Ábhar:</b>	Leagtar amach sa doiciméad seo an nós imeachta chun iarratas a dhéanamh ar Cheadúnas chun Oisrí a Dhreideáil - ar Láithreáin Natura 2000 agus Ceadúnais a eisiúint.				
<b>Arna cheadú ag:</b>					
<b>Dáta ar Ceadáíodh:</b>					
<b>Tréimhse atá sannta lena athbhreithniú:</b>	2 bliana				
<b>Dáta an chéad athbhreithnithe eile:</b>	Deireadh Fómhair 2026				
<b>Cód an Doiciméid</b>	Nósanna imeachta an IFI i leith Iarratais ar Cheadúnais chun Oisrí a Dhreideáil				
<b>Tá an doiciméad seo comhdhéanta de</b>	Clár an Ábhair	Téacs	Liosta Táblaí	Tábla Fíoracha	Líon Aguisíní
			0	0	1

**Tábla Leaganacha**

<b>Uimh. Leagain</b>	<b>Stádas</b>	<b>Údar/Údair</b>	<b>Arna athbhreithniú ag</b>	<b>Arna cheadú ag</b>	<b>Dáta ar eisíodh</b>
Leagan 1	Dréacht	An Dr. Greg Forde	IFI RBDMT	17-11-2011	
Athbhreithniú 2	Dréacht	An Dr. Greg Forde	Leasaithe	05/12/2011	
Athbhreithniú 3	Dréacht	An Dr. Greg Forde	Leasaithe	14/12/2011	
Leagan 3	Leagan Deiridh	An Dr. Greg Forde	An Bord	15/12/2011	15/12/2011
Leagan 3.1	2012	An Dr. Greg Forde	Dátaí ar Leasaíodh	2/10/2012	
Leagan 3.2	2013	An Dr. Greg Forde	Dátaí ar Leasaíodh	11/10/2013	
Leagan 3.3	2014	An Dr. Greg Forde	Dátaí ar Leasaíodh	10/10/2014	16/10/2014
Leagan 3.4	2015	An Dr. Greg Forde	Dátaí ar Leasaíodh	28/10/2015	31/10/2015
Leagan 3.5	2016	An Dr. Greg Forde	Dátaí ar Leasaíodh	19/10/2016	21/10/2016
Leagan 3.6	2017	An Dr. Greg Forde	Dátaí ar Leasaíodh	23/10/2017	23/10/2017

Leagan 3.7	2018	An Dr. Greg Forde	Leasaithe	01/10/2018	01/10/2018
Leagan 3.8	2019	An Dr. Greg Forde	Leasaithe	18/11/2019	18/11/2019
Leagan 3.9	2020	An Dr. Greg Forde	Leasaithe	02/11/2020	02/11/2020
Leagan 3.10	2021	An Dr. Greg Forde	Leasaithe	01/11/2021	01/11/2021
Leagan 4	2022	An Mr. Barry Fox	Leasaithe	01/11/2022	01/11/2022
Leagan 4.1	2023	An Mr. Barry Fox	Leasaithe	01/11/2023	01/11/2023
Leagan 4.2	2024	An Mr. Brian Beckett	Leasaithe	21/10/2024	21/10/2024

**Leithroinnt ar Cheadúnais chun Oisrí a Dhreideáil i Limistéir faoi Chaomhnú Speisialta sa bhliain 2025 lena chinntiú nach dtarlóidh dian-ghníomhaíocht iascaireachta agus go ndéantar gnáthóga a chosaint ó ghníomhaíocht dreideála mhíchuí.**

Tá go leor Limistéar faoi Chaomhnú Speisialta (SACanna) agus láithreán Natura 2000 in Éirinn a bhfuil iascaigh oisrí freisin mar chuid díobh. Ó tharla go bhfuil gá le dreideáil chun na hiascaigh sin a shaothrú agus go bhfuil siad faoi réir ceadúnú tánaisteach ón IFI agus go dtagann roinnt cásanna faoin sainmhíniú atá le tionscail nó pleananna dotharshaothraithe, ní mór tabhairt faoi mheasúnú cuí ar na gníomhaíochtaí iascaireachta seo. Tá Cuspóirí Caomhnaithe aitheanta ag an NPWS i leith na láithreán seo i gcás SACanna agus ní mór a chinntiú faoi phleananna iascaigh nó dotharshaothraithe nach mbíonn aon bhrú míchuí ar ghnáthóga tosaíochta. Déantar an oisre dúchasach féin a liostáil, i roinnt cásanna, ina leas cáilitheach SAC (pobail ina bhfuil ceannas ag an *Ostrea edulis*) nó tá sé liostaithe ina speiceas saintréitheach ag gnáthóg. Ní mór dá bhrí sin stádas an oisre dhúchasaigh agus an ról atá aige i struchtúr agus i bhfeidhm na gnáthóige a ghlacadh san áireamh i bpleananna iascaigh agus dotharshaothraithe.

Is cuid den phlean bainistíochta foriomlán seo go ndéantar bainistiú ar dhreideáil cheadúnaithe agus go ndéantar iascaigh a shaothrú go hinbhuanaithe. Ní mór don líon ceadúnas a eiseofar a bheith cóir agus an brú a bheith sa tslí is go bhfuil an t-iascach fós á bhainistiú go hinbhuanaithe agus nach bhfuil ró-iascach ar bun.

Mar thoradh air sin mar chuid de phleananna bainistíochta arna n-ullmhú d'iascaigh ar leith, ní cheadófar, faoi fho-dhlí ón IFI, Dreideáil i limistéir spásúlachta na ngnáthóg tosaíochta lena chinntiú go ndéantar an ghnáthóg a chosaint. Rinneadh é seo a neartú tuilleadh de réir ordacháin ón Aire i gcomhréir le hAlt 278 (5)(a) den Acht Iascaigh (Comhdhlúthú) 1959 arna leasú agus leis an Treoir um Ghnáthóga arna trasuíomh ag Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Éin agus Gnáthóga Nádúrtha) 2011 (IR 477/2011).

Ní mór d'Iascach Intíre Éireann a chinntiú go ndéantar iascaigh oisrí fiáine a bhainistiú ar bhealach inbhuanaithe (ní hamháin i gcás oisrí fiáine ach i gcás leasanna cáilitheacha eile a bhféadfadh damáiste baint dóibh de bharr ró-dhreideáil mhíoiriúnach) de réir na

gcuipóirí caomhnaithe a bhaineann le gnáthóga i limistéir SAC. Tá an IFI ag leanúint le teorainn a chur leis an líon ceadúnas is féidir a eisiúint i leith na bliana 2012 agus blianta ina dhiaidh sin go dtí an meánlíon ceadúnas a eisíodh sa Cheantar/limistéar sna chúig bhliana deiridh a raibh dreideáil ar bun - roimh 2011. Má bhí an líon ceadúnas a eisíodh sa bhliain 2011 srianta (de réir treorach roimhe sin) ní rachaidh an líon ceadúnas a eiseofar sa bhliain 2012 ná blianta ina dhiaidh sin os cionn an líon sin nó go mbeidh plean cuí bainistíochta i bhfeidhm agus ag obair go gníomhach. Beidh baint ag aon mhéadú ar líon na gceadúnas a eiseofar amach anseo le saothrú inbhuanaithe ar bhithmhais mhéadaithe oisrí san iascach. Beidh feidhm leis na srianta reatha ar líon na gceadúnas nó gur féidir méadú den chineál sin ar bhithmhais a léiriú.

Tá an líon ceadúnas a eisíodh sna chúig bhliana nuair a bhí an t-iascach á iascaireacht go gníomhach socraithe do gach Ceantar Iascaigh iomchuí agus baintear leas as sin chun an líon ceadúnas is féidir a eisiúint a aithint.

Bhí gá an córas seo a thabhairt isteach le roinnt blianta mar bheart eatramhach chun cur ar chumas an IFI an t-iascach a bhainistiú ar bhealach inbhuanaithe agus iarratais ar cheadúnais oisrí a eisiúint go náisiúnta.

## **Nós imeachta chun Iarratas a dhéanamh ar Cheadúnas chun Oisrí a Dhreideáil**

Ní mór fráma ama a leagan amach d'iarratais ar cheadúnas oisrí i.e. tugtar cuireadh d'iarratais ó iascairí oisrí atá ag lorg ceadúnais chun Dreidire Oisrí a oibriú le linn shéasúr **2025**. Ní ghlacfar le hiarratais ach ó iarratasóirí a bhfuil báid acu ar chlár na mbád iascaireachta mara sa Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara. Ní mór d'iarratasóirí **Aguisín 1 den Foirm Iarratais i leith Ceadúnas chun Oisrí a Dhreideáil** a chomhlánú. **Tabhair faoi deara go bhfuil foirmeacha iarratais ar fáil ar líne ag**

<https://www.fisheriesireland.ie/services/public-services/oyster-dredge-licences>

nó ó aon oifig ceantair de chuid Iascach Intíre Éireann (tagair d'Aguisín 2 chun teacht ar liosta d'Oifigí Ceantair an IFI).

Ní mór gach iarratas a chur ar aghaidh ar an bhfoirm IFI a éilítear agus í a bheith comhlánaithe ina hiomláine. **Dé Luain an 2ú Nollaig 2024 roimh an 12.00 meán lae** an dáta deiridh a nglacfar le hiarratais ar Cheadúnas chun Oisrí a Dhreideáil do shéasúr **2025**. Ní mór iarratais a sheoladh chuig an oifig IFI iomchuí agus an Ceantar Iascaigh dá bhfuil an t-iarratas á lorg a lua. Ní bhreithneofar aon iarratas a bheidh déanach seachas sa chás go mbeadh an líon iarratas nó ceadúnas a eisítear ar dtús a bheith níos lú ná an líon atá ar fáil nó le heisiúint.

Foilseofar fógra ar láithreán gréasáin an IFI agus i Nuachtán Náisiúnta ina luafar na cúiseanna atá leis na bearta caomhnaithe i dtaobh iarrachta agus toradh agus an chúis nach féidir dianshaothrú a cheadú.

Déanfar iarratais ar Cheadúnais chun Oisrí a Dhreideáil a dhátstampáil agus uimhir a chur orthu ar iarratas a fháil/oscailt agus seolfaidh an oifig chuí admháil i scríbhinn.

Arna fháil déanfaidh an oifig chuí de chuid Iascach Intíre Éireann an t-iarratas ar cheadúnas a mharcáil go soiléir de réir an Cheantair Iascaigh lena mbaineann sé.

Má bhaineann an t-iarratas ar Cheadúnas le hOisrí a Dhreideáil le ceantar ina bhfuil láithreán Natura 2000 ní mór don IFI a chinntiú go bhfuil bainistiú ceart á dhéanamh ar an iascach agus ar an láithreán Natura agus go bhfuil cosaint chuí ag gnáthóga tosaíochta - chuige sin ní cheadófar dreideáil i limistéir áirithe a bhfuil gnáthóga tosaíochta. Déanann an NPWS 'oisre' a liostú freisin mar speiceas saintréitheach i ngnáthóga dríodair nó déantar é a liostú ina ghnáthóg sonrath ann féin agus lena mbaineann cuspóirí caomhnaithe agus ní mór don IFI dá bhrí sin a chinntiú nach bhfuil róshaothrú á dhéanamh ar an ngnáthóg sin. Mar thoradh air sin beidh feidhm fós le srianta ar leith go dtí go gcinnteofar faoi phleananna bainistíochta go bhfuil an stoc á shaothrú go hinbhuanaithe.

Ní ghlacfar le hiarratais ach ó iascairí dlisteanacha oisrí a bhfuil an trealamh riachtanach acu - bád agus dreidire - chun tabhairt faoin ngníomhaíocht. Déanfar an bád agus an dreidire a scrúdú sula n-eiseofar ceadúnas. Iarrfar ar iascairí dlisteanacha oisrí cruthúnas i scríbhinn a chur ar fáil go raibh siad ag iascaireacht oisrí le bliain/san am a caitheadh. (m.sh fianaise ar oisrí a dhíol srl.).

Tá sé tábhachtach freisin féachaint a chinntiú gur ar iascairí seanbhunaithe a eisítear ceadúnais agus ní cheadaítear iontrálaithe nua sa chás go ndéanfadh sin dochar d'iascairí seanbhunaithe.

Ní mór do gach sealbhóir ceadúnais a chinntiú go n-aithnítear ainm úinéir an dreidire go soiléir ar an dreidire (i scríbhinn táthaithe) agus go bhfuil an ceadúnas in ainm an úinéara.

I ndiaidh an chéad mheasúnaithe ar iarratais ar cheadúnais, ba chóir ceadúnais a leithroinnt mar seo a leanas:

### **Ní ghlacfar le hiarratais ó iascairí a ciontaíodh i gcionta iascaigh le dhá bhliain roimhe seo.**

#### **Aicme 1**

Ceadúnais le leithroinnt (faoi réir cigireacht ar bhád agus ar dhreidire) ar an gcéad dul síos ar iascairí seanbhunaithe a bhfuil bád acu atá cláraithe ar chlár bád iascaigh mhara na Roinne Talmhaíochta Bia agus Mara agus a raibh ceadúnas acu le hoisrí a dhreideáil i leith na bliana 2024 agus i leith gach bliana de na ceithre bliana deiridh a raibh an t-iascach oscailte lena iascaireacht agus a ndearnadh é a iascaireacht go gníomhach.

#### **Aicme 2**

Ceadúnais le leithroinnt (faoi réir cigireacht ar bhád agus ar dhreidire) ar iascairí seanbhunaithe a bhfuil bád acu atá cláraithe ar chlár bád iascaigh mhara na Roinne Talmhaíochta Bia agus Mara agus a raibh ceadúnas acu i leith na bliana 2024 agus i leith trí bliana de na 5 bliana deiridh a raibh an t-iascach oscailte lena iascaireacht agus a ndearnadh é a iascaireacht go gníomhach.

#### **Aicme 3**

Ceadúnais le leithroinnt (faoi réir cigireacht ar bhád agus ar dhreidire) ar iascairí seanbhunaithe a bhfuil bád acu atá cláraithe ar chlár bád iascaigh mhara na Roinne Talmhaíochta Bia agus Mara agus a raibh ceadúnas acu i leith ceithre bliana de na 5 bliana deiridh a raibh an t-iascach oscailte lena iascaireacht agus a ndearnadh é a iascaireacht go gníomhach.

#### **Aicme 4**

Ceadúnais le leithroinnt (faoi réir cigireacht ar bhád agus ar dhreidire) ar iascairí seanbhunaithe a bhfuil bád acu atá cláraithe ar chlár bád iascaigh mhara na Roinne Talmhaíochta Bia agus Mara agus a raibh ceadúnas acu i leith trí bliana de na 5 bliana deiridh a raibh an t-iascach oscailte lena iascaireacht agus a ndearnadh é a iascaireacht go gníomhach.

#### **Aicme 5**

Ceadúnais le leithroinnt (faoi réir cigireacht ar bhád agus ar dhreidire) ar iascairí seanbhunaithe a bhfuil bád acu atá cláraithe ar chlár bád iascaigh mhara na Roinne Talmhaíochta Bia agus Mara agus a raibh ceadúnas acu i leith dhá bhliain de na 5 bliana deiridh a raibh an t-iascach oscailte lena iascaireacht agus a ndearnadh é a iascaireacht go gníomhach.

## Aicme 6

Ceadúnais le leithroinnt (faoi réir cigireacht ar bhád agus ar dhreidire) ar iascairí seanbhunaithe a bhfuil bád acu atá cláraithe ar chlár bád iascaigh mhara na Roinne Talmhaíochta Bia agus Mara agus a raibh ceadúnas acu i leith bliain amháin de na 5 bliana deiridh a raibh an t-iascach oscailte lena iascaireacht agus a ndearnadh é a iascaireacht go gníomhach.

**Aicme 7 Ar bhonn trialach sa bhliain 2019, 2020, 2021, 2022, 2023, 2024 agus 2025 Iarratasóir nua - gaol den chéad ghlúin (céile; deartháir; deirfiúr; mac; iníon agus iadsan amháin)** Ceadúnais le leithroinnt (faoi réir cigireacht ar bhád agus ar dhreidire) ar iascairí seanbhunaithe (ach nach raibh ceadúnas oisrí acu roimhe seo) a bhfuil bád acu atá cláraithe ar chlár bád iascaigh mhara na Roinne Talmhaíochta Bia agus Mara nach raibh ceadúnas acu ina n-ainm féin ach ar gaol den chéad ghlúin iad d'iascaire reatha atá sásta éirí as an iascach ach atá ag coinneáil an traidisiúin sa teaghlach - is féidir na cásanna sin a bhreithniú faoi Aicme 7. Déanfar gaolta den chéad ghlúin a bhreithniú ar bhonn tosaíochta mar aon le haicmí 1-6 thuas. D'fhéadfaí stair iascaireachta an té atá ag éirí as a ghlacadh san áireamh freisin sa chás go ndéantar dearbhú cuí agus é a bheith sínithe.

D'fhéadfadh faoin bhforáil a bhaineann le duine gaolta a bheith ag éirí as go mbeadh cruthúnas doiciméadach de dhíth i bhfoirm deimhniú breithe, ID a bhfuil grianghraif air den dá pháirtí agus más gá billí fónais srl..

## Aicme 8

Déanfar iarratasóirí nua - a bhfuil bád acu ar chlár bád iascaigh mhara na Roinne Talmhaíochta, Bia agus Mara a chur ar liosta feithimh mar go bhféadfaí ceadúnais a bhreithniú lena n-eisiúint ar iontrálaithe nua sa chás go bhfeabhsódh an stoc san iascach chomh maith is gur féidir saothrú inbhuanaithe a dhéanamh ag líon is airde dreidirí agus toradh réasúnach a bheith ag iascairí.

Aicme	An bhliain is déanaí	Soláthar breise go dtí seo	Tréimhse thagartha
1	2024	Agus gach ceann de na 4 bliana seo caite	2024 and 2020-2023
2	2024	Agus trí bliana de na 5 bliana seo caite	2024 and 2019-2023
3	Ní bhaineann	4 bliana de na 5 bliana seo caite	2020-2024
4	Ní bhaineann	3 bliana de na 5 bliana seo caite	2020-2024
5	Ní bhaineann	2 bhliain de na 5 bliana seo caite	2020-2024
6	Ní bhaineann	1 bhliain de na 5 bliana seo caite	2020-2024
7	Ní bhaineann	Ar bhonn píolótach in 2023 Gaol den chéad ghlúin leis an sealbhóir ceadúnais atá ag éirí as	2020-2024
8	Ní bhaineann	Iontrálaí nua	Ní bhaineann

### **Cásanna Eisceachtúla Cruatain**

Sa chás go measann an IFI go bhfuil cás cruatain áirithe i gceist ina raibh cosc ar iascaire seanbhunaithe ó bheith ag iascaireacht agus ó cheadúnas a fháil ar feadh roinnt blianta de bharr breoiteacht teistithe - d'fhéadfadh go mbreithneodh an Stiúrthóir Dúiche, lena mbaineann an ceantar ina bhfuil an t-iarratas á dhéanamh, nó an Ceann Oibríochtaí an cás sin mar eisceacht. Ní mór don iarratasóir sa chás seo cruthúnas doiciméadachta riachtanach a chur ar fáil le gur féidir an cás a bhreithniú ina iomláine. Má mheastar - dá mbeadh ar chumas an iarratasóra ceadúnais a fháil agus dul i mbun iascaireachta go mbeadh sin déanta acu, féadfaidh an Stiúrthóir Dúiche, i ndiaidh dó an cás a mheasúnú (faoi réir cigireacht báid agus dreidire) an t-iarratasóir a leithroinnt faoi aicme faoi Cás Cruatain. Déanfar an Cás Cruatain ansin a leithroinnt faoi cheann de na hAicmí 1-8 - ba chóir go ndéanfaí é a leithroinnt faoin aicme a mheasann an Stiúrthóir is gaire atá don chás dá mbeadh an t-iarratasóir in ann ceadúnas a ghlacadh. – Is i gcás fíorchruatain na cásanna seo agus níor cheart iad a leithroinnt ach nuair is léir go bhfuil fíorchás dá leithéid i gceist agus ina gcuirtear an cruthú riachtanach ar fáil.

### **An Próiseas Achomhairc:**

Tá próiseas achomhairc bunaithe sa chás go gcreideann iarratasóir nár deineadh a iarratas/hiarratas a leithroinnt sa chatagóir ceart nó sa chás gur mian le hiarratasóir achomhairc a dhéanamh ar chinneadh.

### **Seo a leanas an próiseas achomhairc:**

Ní mór d'iarratasóir, ar mian leis/léi go bhféachfaí arís ar an gcinneadh a deineadh maidir lena iarratas/hiarratas, scríobh chuig an Oifigeach Achomhairc **laistigh de choicís ó fhaightear an litir ina dtugtar an cinneadh a deineadh maidir leis an iarratas ar cheadúnas** agus a rá gur mian leis/léi achomhairc a dhéanamh ar an gcinneadh a deineadh maidir lena iarratas/hiarratas. Tá feidhm le táille riaracháin **€80** sa chás seo agus ní bheidh an táille sin in-aisíoctha ach sa chás go n-éireodh leis an achomhairc. Ní mór na forais ar a bhfuil an t-achomhairc á dhéanamh a lua. (Aicmiú mícheart ar a n-iarratas; gan teacht a bheith ar an mbád ná ar an dreidire lena scrúdú nuair a éilíodh sin), cás cruatain nár cuireadh doiciméadú leordhóthanach ar fáil srl. Ní ceadmhach d'aon duine achomhairc a dhéanamh nó go mbeidh an chéad chinneadh déanta maidir lena n-iarratas.

Ní mór don Achomhaircóir na forais iomlána le haghaidh achomhairc ar an gcinneadh a thabhairt. Ní mór gach eolas a bheidh riachtanach chun tacú le fíricí an achomhairc a chur ar fáil le linn an achomhairc. Sa chás gur mian leis an achomhaircóir breoiteacht dáiríre a lua mar cheann de na forais don achomhairc, beifear ag súil go síneoidh an t-achomhaircóir toiliú lena dtabharfar cead don IFI deimhniú i scríbhinn a iarraidh, ar bhonn rúndachta, ó Dhochtúir Leighis cuí.

Déanfaidh Oifigeach Achomhairc an t-achomhairc a mheas agus déanfaidh cinneadh maidir le fiúntas an achomhairc laistigh de **1 mhí féilire** ó fhaightear achomhairc dlisteanach. Sa chás go meastar an t-achomhairc a bheith réasúnach agus go gceadaítear é d'fhéadfadh go ndéanfaí ceadúnas a leithroinnt faoi Chatagóir (1-8) arna chinneadh ag an Oifigeach Achomhairc. (D'fhéadfadh sé tarlú freisin nach mbeadh aon cheadúnais bhreise ar fáil. Seasfaidh an toradh áfach sa chás go ndéanfaí iarratas arís an bhliain



dar gcionn). Má mheastar nár éirigh leis an achomharc, cuirfidh an tOifigeach Achomhairc an t-achomharcóir ar an eolas faoi na cúiseanna go bhfuil an t-achomharc á dhiúltú. Sa chás go mbeidh síneadh ama á lorg, cuirfidh an tOifigeach Achomhairc sin in iúl don iarratasóir. Is cinneadh críochnaitheach é cinneadh Oifigeach Achomhairc Iascach Intíre Éireann.

**(Sainmhíniú: "Iascairí Seanbhunaithe" Is iascairí iad seo atá in ann a chruthú gur ón iascaireacht a thagann cionroinnt suntasach dá n-ioncam agus a bhfuil an cumas agus na hacmhainní riachtanacha acu tabhairt faoi iascaireacht dreideála oisrí agus dea-theist orthu ina n-iascaire oisrí agus a bhfuil bád iascaigh acu atá ar chlár na Roinne Talmhaíochta, Bia agus Mara).**

Ní eiseofar aon cheadúnas go dtí go dtiocfaidh iarratasóir a measadh ar dtús a bheith oiriúnach chun ceadúnas a fháil i láthair Cigire ainmnithe de chuid an IFI chomh maith le bád an iarratasóra atá ceadúnaithe go cuí agus an dreidire. Is féidir an ceadúnas a eisiúint a luaithe a bheidh cigireacht déanta ar an mbád agus an dreidire agus a cheadaítear an t-iarratasóir le ceadúnas a fháil. Ní eiseoidh ball foirne den IFI an ceadúnas ach ar shealbhóir an cheadúnais i leith an bháid shonraigh atá i gceist agus a bhfuil sé fíoraithe ina leith go bhfuil an dreidire oiriúnach uirthi - Níl aon fhoráil sa reachtaíocht ná ar an gceadúnas i dtaobh ainmní.

An fhoirm iarratais mar atá in Aguisín 1 an fhoirm atá i gceist - ní mór an táille chuí a bheith le hiarratas chun go mbeidh an t-iarratas bailí. Sa chás go ndiúltaítear ceadúnas déanfar an táille ceadúnais a aisíoc ina hiomláine.

Féach Aguisín 2 maidir le teagmhálacha i ndáil le hIarratais agus Nós Imeachta Achomhairc.

**Aguisín 1**

**Foirm Iarratais i leith Ceadúnas chun Oisrí a Dhreideáil - 2025**



Iascach Intíre Éireann  
Inland Fisheries Ireland

Ainm an Iarratasóra: \_\_\_\_\_  
(Bloclitreacha)

Seoladh Baile: \_\_\_\_\_  
(Bloclitreacha)

Ainm an Chomharchumainn dá bhfuil an t-iarratasóir ina bhall (más infheidhme) (féach iarnóta) \*

Uimhir ballraíochta (más ann di):  Uimh. Theileafóin:

Dearbhú gur ar iascaireacht den chuid is mó a dhéanann an t-iarratasóir a shlí/slí bheatha: Is ea  Ní

Mionsonraí an Bháid:	Ainm	Fad	Dath	Cláruimhir
	_____	_____	_____	_____

Mionsonraí ar threalamh Dreideála Oisrí \_\_\_\_\_

Síniú an Iarratasóra: \_\_\_\_\_ Dáta: \_\_\_\_\_

**€94 an praghas atá ar Cheadúnas chun Oisrí a Dhreideáil í 2025**  
**Ní mór do gach iarratasóir teagmháil a dhéanamh leis an oifig IFI áitiúil chun go dtabharfar faoi chigireacht ar a mbád agus an dreidire.\***  
Tabhair ar aird – Ní eiseofar ceadúnais iascaigh oisrí ach ar dhaoine atá:  
Ina mball de Chomharchumainn a bhíonn i mbun oisrí a fhorbairt agus a chosaint, nó  
Daoine arb í an t-iascaireacht an tslí bheatha is mó atá acu.  
Ba chóir cruthúnas i scríbhinn a chur ar fáil le gach iarratas gur tugadh faoi iascaireacht oisrí an bhliain roimhe sin. (m.sh fianaise ar oisrí a dhíol srl.).

## *Aguisín 2*

### *Ainmneacha agus Seoltaí Oifige agus Stiúirthóirí na gCeantar Abhantraí*

Iascach Intíre Éireann – Baile Átha Cliath  
(Ceantar Abhantraí an Oirthir)  
Stiúirthóir – Ronan Matson  
Iascach Intíre Éireann  
3044 Lake Drive  
Campas Gnó Iarthar na Cathrach  
Baile Átha Cliath 24  
D24 Y265  
Teileafón: (01) 8842600

Iascach Intíre Éireann – Cluain Meala  
(Ceantar Abhantraí an Oirdheiscirt)  
Stiúirthóir – Lynda Connor  
Sráid Anglesea  
Cluain Meala  
Co. Thiobraid Árann  
E91 RD25  
Teileafón: (052) 6180055

Iascach Intíre Éireann - Maigh Chromtha  
(Ceantar Abhantraí an Iardheiscirt)  
Stiúirthóir – Sean Long  
Teach Thaobh na Gréine  
Maigh Chromtha  
Co. Chorcaí  
P12 X602  
Teileafón: (062) 41221

Iascach Intíre Éireann – Luimneach  
(Ceantar Abhantraí na Sionainne)  
Stiúirthóir – David McInerney  
Páirc Gnó Ashbourne  
Bóthar an Duga  
Luimneach  
V94 NPEO  
Teileafón: (061) 300238

Iascach Intíre Éireann – Gaillimh  
(Ceantar Abhantraí an Iarthair - Gaillimh)  
Stiúirthóir – Rachel Cooper  
Teach Breac  
Oileán an Iarla  
Gaillimh  
H91 E2A2  
Teileafón: (091) 563118

Iascach Intíre Éireann – Gaillimh/Béal an Átha  
(Ceantar Abhantraí an Iarthair - Béal an Átha)  
Stiúrthóir – Mary Walsh  
Teach Ard na Rí  
Sráid na Mainistreach  
Béal an Átha  
Co. Mhaigh Eo  
F26 K029  
Teileafón: (096) 22788

Iascach Intíre Éireann – Béal Átha Seanaidh  
(Ceantar Abhantraí an Iarthuaiscirt)  
Stiúrthóir – Milton Matthews  
Bóthar an Stáisiúin  
Béal Átha Seanaidh  
Co. Dhún na nGall  
F94 WV76  
Teileafón: (071) 9851435

**Teagmhálacha ábhartha eile:**

**An tOifigeach Achomhairc**

Brian Beckett  
Ceann na nOibríochtaí  
Iascach Intíre Éireann  
3044 Lake Drive  
Campas Gnó Iarthar na Cathrach  
Baile Átha Cliath 24  
D24 Y265  
Teileafón: (01) 8842600